## Leibhéal 3. Obair ghrúpa.

1. Líon isteach trí phíosa eolais faoi Emma agus Aoife.

| |
|---|
| 1. |
| 2. |
| 3. |

2. Cén contae ina bhfuil Corca Dhuibhne? Faigh amach cad iad na contaetha eile ina bhfuil Gaeltacht.

| |
|---|
| Contae: |

3. Cén tigh agus sráidbhaile ina raibh na cailíní ag fanacht?

| | |
|---|---|
| Tigh: | Sráidbhaile: |

4. Cuireann Pádraig an cheist seo ar Aoife: " An dóigh leat go bhfuil an-thábhacht le dul go dtí an nGaeltacht le cleachtadh a fháil ar an dteanga agus ar an nGaelainn?

Deinn plé ar an gceist seo le do ghrúpa, agus cuir an t-eolas i láthair an ranga.

5. Is as iarthar Chiarraí do Phádraig Ó Sé agus úsáideann sé mórán téarmaí a bhaineann le Gaeilge Chiarraí. Líon isteach sa bhosca aon leagan eile atá cloiste agat den téarma sin.

| | |
|---|---|
| Do chaithis trí seachtaine... | |
| an Ghaelainn | |
| tigh | |
| ...an rabhais? | |
| bhís féin... | |
| go dtí go dtángabhair... | |
| go dtí go gcuabhair | |
| nuair a bhíobhair.. | |
| sara gcuais... | |

AS GAEILGE

6. Seo cúigear ó Ghaeltacht Chorca Dhuibhne. Cuir ainm leo. Bailigh eolas fúthu. Cén réimse saoil lena mbaineann siad? Cé na leabhair a scríobh siad? Cé na cláir theilifíse lena mbaineann siad? Cuir an t-eolas seo i láthair an ranga.

7. Abair go bhfuil fógra á chur le chéile agat chun daltaí scoile a mhealladh go dtí coláiste samhraidh i gCorca Dhuibhne. Dein póstaer a dhearadh ar pháipéar nó ar an ríomhaire. Bíodh íomhánna **agus** focail ann. Bíodh na sonraí a bhaineann leis an gcúrsa ann freisin, dátaí srl.